Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 32

# Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá á riar ag an Oifig sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgead teoranta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis an tsuim arna deonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2018, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €39.716 milliún a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tabharfar €27.6 milliún anonn lena chaitheamh sa bhliain 2019 agus géillfear €12.116 milliún don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar go cuí iad, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Dearbhú maidir le seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhísí atá ann idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí comhroinnte párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Roinn.

Is mar seo a leanas atá an staid i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat um nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta a bhfuil sé de dhualgas air comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus um thuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ina gcuirtear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

***Comhlíonadh soláthair***

Cinntíonn an Roinn go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chloígh an Roinn go hiomlán leis na treoirlínte ach amháin i gcás cúig chonradh a ndeachthas isteach iontu dar luach iomlán €340,825. Liostaíodh iad sin i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Cé gur tháinig moill ar an bpróiseas soláthair do dhá cheann de na conarthaí, tosófar na conarthaí nua i ráithe 1 agus i ráithe 2 den bhliain 2019 faoi seach. I gcás conartha eile, cuireadh agóidí dlíthiúla in aghaidh an chreata ábhartha de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais ar fud na bliana 2018. Mar sin, tá an Roinn ag obair leis an Oifig faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais soláthair. I gcás conartha eile fós, bhí gá le hoibreacha breise nach rabhthas ag súil leo ag tús an tionscadail. Ar deireadh, bhí conradh i bhfeidhm le haghaidh seomra a ghlacadh ar cíos agus tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag obair chun cóiríocht mhalartach a áirithiú ina leith. Meastar go mbeidh an chóiríocht sin i bhfeidhm faoi thús na bliana 2020.

***Iniúchóireacht inmheánach agus coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí aige agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Bíonn obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a mbíonn an Roinn neamhchosanta orthu. Bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí arna gceadú agam bunaithe ar an anailís sin freisin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Roinn. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus leagtar freagracht ann ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, bonn eolais a chur ar faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i dtaca leis an mbliain 2018 a bhí mar chúis, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis, le caillteanas ábhartha.

**Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

28 Márta 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht

**Tuairim ar an gcuntas leithreasa**

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht agus tá na freagrachtaí eile atá orm ó thaobh eitice de de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.*

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

13 Meán Fómhair 2019

## Vóta 32 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | | |
| A | Forbairt Post agus Fiontar | | | | |
| | *Bunaidh* | 433,120 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,739) | | | |
| | | | 422,381 | 392,272 | 403,932 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Bunaidh* | 356,098 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,740 | | | |
| | | | 366,838 | 368,697 | 375,101 |
| C | Rialáil | | 81,742 | 76,001 | 71,799 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 870,960 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **870,961** | **836,970** | **850,832** |
| | *Bain as* | | | | |
| D | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **52,000** | **57,725** | **52,542** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 818,960 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **818,961** | **779,245** | **798,290** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid a ghéilleadh don Státchiste.

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar aon leithreasaí nach raibh caite le haghaidh seirbhísí soláthar caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €27.6 milliún de leithdháiltí nach raibh caite i leith na ngnéithe caipitil d'Fho-mhírchinn A.5 agus B.4 anonn chuig an mbliain 2019.

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 39,715,758 | 8,251,873 |
| Géilleadh iarchurtha | (27,600,000) | — |
| **Barrachas lena ghéilleadh** | **12,115,758** | **8,251,873** |

**Dr Orlaigh Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

28 Márta 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas chláir | | 802,046 | 819,570 |
| Pá | | 26,095 | 23,410 |
| Neamhphá | | 8,829 | 7,852 |
| **Ollchaiteachas** | | **836,970** | **850,832** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **57,725** | **52,542** |
| **Glanchaiteachas** | | **779,245** | **798,290** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (2,210) | | |
| Dímheas | 1,783 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 3 | | |
| | | (424) | 107 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 2,201 | | |
| Laghdú ar stoc | 17 | | |
| | | 2,218 | 1,786 |
| **Caiteachas díreach** | | **781,039** | **800,183** |
| **Caiteachas a iompraíodh áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (caiteachas airgid thirim) (nóta 1.1) | | 24,044 | 24,411 |
| Measchíosanna (caiteachas neamhairgid thirim) | | 2,857 | 2,580 |
| **Glanchostas chláir** | | **807,940** | **827,174** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanmhéid an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas a iompraíodh in áit eile i ndáil le Vóta 32.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 97 | 96 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 18,786 | 18,274 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 4,711 | 5,549 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 101 | 66 |
| Vóta 20 An Garda Síochána | — | 78 |
| An Príomh-Chiste - pinsin Airí | 349 | 348 |
| | **24,044** | **24,411** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 7,523 | 6,999 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 12,549 | 8,023 |
| Stoic | 2.3 | 231 | 248 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,504 | 1,888 |
| Ioncam fabhraithe | | 571 | 661 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 909 | 726 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 15,764 | 11,546 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,113 | 797 |
| Ioncam iarchurtha | | 3,880 | 2,469 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 3,822 | 4,930 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.6 | 9,636 | 3,819 |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | 18,451 | 12,015 |
| **(Glandliteanais reatha)/glansócmhainní reatha** | | (2,687) | (469) |
| **Glansócmhainní** | | **4,836** | **6,530** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **4,836** | **6,530** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 6,530 | 8,285 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 818,961 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (27,600) | | |
| Barrachas lena ghéilleadh | Cuntas | (12,116) | | |
| Glanvóta | | | 779,245 | 798,290 |
| Costais feistithe agus troscán a chuir Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil | | | 100 | 138 |
| Caiteachas (caiteachas airgid thirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 24,044 | 24,411 |
| Caiteachas neamhairgid thirim – measchíosanna | | | 2,857 | 2,580 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (807,940) | (827,174) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **4,836** | **6,530** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2018 | 35,053 | 3,834 | 788 | 39,675 |
| Breiseanna | 500 | 115 | 1,695 | 2,310 |
| Nithe a cuireadh in úsáid sa bhliain | 135 | — | (135) | — |
| Diúscairtí | (53) | (160) | — | (213) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2018 | 35,635 | 3,789 | 2,348 | 41,772 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2018 | 29,244 | 3,432 | — | 32,676 |
| Dímheas don bhliain | 1,715 | 68 | — | 1,783 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (51) | (159) | — | (210) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2018 | 30,908 | 3,341 | — | 34,249 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018** | **4,727** | **448** | **2,348** | **7,523** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017 | 5,809 | 402 | 788 | 6,999 |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 157 | 180 |
| Soláthairtí TF | 56 | 50 |
| Ábhair ghlantóireachta | 18 | 18 |
| | **231** | **248** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | | 109 | 159 |
| Iarmhéideanna dochair ilghnéitheacha | | 575 | 420 |
| Caiteachas in-aisghafa: | | | |
| – Taisteal | 72 | | |
| – Seirbhísí comhroinnte | 153 | | |
| | | 225 | 147 |
| | | **909** | **726** |

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,466 | 1,320 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 56 | 582 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | — | 11 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 82 | 103 |
| Cáin Bhreisluacha ar cheannacháin laistigh den Aontas Eorpach | 79 | 127 |
| | 1,683 | 2,143 |
| An sciar de tháillí athnuachana paitinne a bhí iníoctha le hOifig Eorpach na bPaitinní | 1,618 | 1,474 |
| Íocaíochtaí ball foirne | 81 | 621 |
| Fáltais bhreise ón Státchiste | — | 190 |
| Dliteanas pinsin an fhostóra | 40 | 170 |
| Tuarastail in-aisghafa | 142 | 190 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha eile | 258 | 142 |
| | **3,822** | **4,930** |

## 2.6 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas lena ghéilleadh | 12,116 | 8,252 |
| Géilleadh iarchurtha | 27,600 | — |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (30,080) | (4,433) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **9,636** | **3,819** |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 12,549 | 8,023 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 909 | 726 |
| | 13,458 | 8,749 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,683) | (2,143) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (2,139) | (2,787) |
| | (3,822) | (4,930) |
| | **9,636** | **3,819** |

## 2.7 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ceangaltais dhomhanda** [a] | | |
| Ceannach earraí agus seirbhísí [b] | 148,454 | 39,952 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 1,241 | — |
| Cláir dheontais [b] | 1,471,877 | 1,405,444 |
| Iomlán na gceangaltas a bhí in-fhorfheidhmithe le dlí | **1,621,572** | **1,445,396** |

Nóta
[a] Áirítear leis an bhfigiúr seo ceangaltais a chisteofar ón ioncam acmhainní dílse arna ghiniúint ag comhlachtaí Stáit a thagann faoi choimirce na Roinne.
[b] Rinneadh an anailís ar fhigiúr iomlán na gceangaltas don bhliain 2017 a athlua a mhéid a bhaineann siad le ceangaltais soláthair agus deontais.

**Mórcheangaltais chaipitil**

Tá deontais chaipitil lena mbaineann caiteachas iomlán ar fiú €10 milliún nó níos mó é léirithe ar leithligh i dtábla na mórcheangaltas caipitil.

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2017[a] | Caiteachas sa bhliain 2018 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an chaiteacha is mheasta thar shaolré an tionscadail 2018 | Iomlán an chaiteacha is mheasta thar shaolré an tionscadail 2017[a] |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| ***Ceangaltais ghníomhaireachta*** | | | | | |
| GFT Éireann (A5) | 62,530 | 19,166 | 155,030 | 236,726 | 157,000 |
| Fiontraíocht Éireann (A7) | 303,951 | 33,891 | 131,964 | 469,806 | 431,102 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B4) | 251,240 | 53,685 | 164,027 | 468,952 | 451,444 |
| Fiontraíocht Éireann (B4) | 23,320 | 9,337 | 7,439 | 40,096 | 40,096 |
| ***Ceangaltais na Roinne*** | | | | | |
| An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) (B5) | 148,730 | 4,456 | 2,784 | 155,970 | 155,970 |
| INTERREG (A10) | 1,426 | 1,031 | 18,543 | 21,000 | 21,000 |
| | **791,197** | **121,566** | **479,787** | **1,392,550** | **1,256,612** |

**Nóta** [a] Ní áirítear anseo tionscadail a chríochnaíodh faoi dheireadh na bliana 2017.

**Athrúcháin shuntasacha**

I gcás go bhfuil méadú/laghdú €500,000 tagtha ar chaiteachas clár idir na blianta 2017 agus 2018, tá an difríocht sin mínithe mar seo a leanas:

*GFT Éireann (A5):* méadú €79.7 milliún

Tosaíodh ar cheanncheathrú GFT Éireann a fheistiú sa bhliain 2018 agus meastar go mbeidh caiteachas €15.7 milliún i gceist leis. Ceadaíodh ocht ndeontas dar luach iomlán €94 mhilliún do chliaint de chuid GFT Éireann. Cealaíodh dhá cheangaltas deontais dar luach iomlán €30 milliún freisin.

*Fiontraíocht Éireann (A7):* méadú €38.7 milliún

Baineann an méadú go príomha le méadú €15.9 milliún a tháinig ar luach na gceangaltas ar chúig thionscadal reatha agus le méadú €22.4 milliún a tháinig ar luach na gceangaltas ar dhá thionscadal nua.

*Fondúireacht Eolaíochta Éireann (B4)*: méadú €17.5 milliún

Baineann an méadú go príomha le tionscadal nua sa bhliain 2018, rud a bhfuil ceangaltas €20.6 milliún i gceist leis, agus le laghdú €2.9 milliún a tháinig ar luach na gceangaltas ar thrí thionscadal reatha.

## 2.8 Dliteanais aibithe

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | 301 | 375 |

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tháinig an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i bhfeidhm sa bhliain 2012 agus, tríd an Roinn, soláthraítear léi ráthaíocht Stáit d'iasachtóirí creidiúnaithe (Bainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Banc Uladh, Éire). Tá an ráthaíocht cothrom le 75% de luach na n-iasachtaí incháilithe nó na mbannaí feidhmíochta incháilithe a thugtar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá inmharthana. Íocann an Stát (an 'ráthóir') an ráthaíocht leis an iasachtóir ar an iarmhéid príomha neamhghnóthaithe gan íoc ar shaoráid scéime i gcás go mainníonn iasachtaí aisíocaíochtaí a dhéanamh faoin tsaoráid.

Ba é Capita Asset Services a d'oibrigh agus a bhainistigh an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa ó seoladh ag deireadh na bliana 2012 í. Ag teacht sna sála ar chinneadh ón Rialtas, ainmníodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann mar oibreoir nua ar an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Cruthaíodh Scéim athbhreithnithe Ráthaíochta Creidmheasa le hionstraim reachtúil sa bhliain 2017. Seoladh an scéim athbhreithnithe sin i mí Iúil 2018. Ag 31 Nollaig 2018, ba é €66 mhilliún luach iomlán na n-iasachtaí gan íoc a bhí cumhdaithe le ciste iasachta na Scéime Ráthaíochta Creidmheasa. I gcás mainneachtain ar thaobh fiontar beag agus meánmhéide, déanann an t-iasachtóir creidiúnaithe éileamh i leith an iarmhéid phríomha neamhghnóthaithe. B'ionann agus €4 mhilliún san iomlán neamhchosaint uasta na Roinne i leith na n-iasachtaí a bhí gan íoc ag 31 Nollaig 2018.

Íocann na fiontair bheaga agus mheánmhéide a bhaineann leas as an scéim préimh atá cothrom le 2% in aghaidh na bliana. Tugtar an t-airgead sin ar ais don Roinn ansin (féach Nóta 4). Is ó fho-mhírcheann A9 a íoctar éilimh in aghaidh na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha. Íoctar ón bhfo-mhírcheann seo freisin na méideanna a íoctar le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann chun an scéim a oibriú.

Tá achoimre ar na fáltais agus na híocaíochtaí a bhaineann leis an scéim (na creataí bunaidh agus athbhreithnithe san áireamh) leagtha amach thíos.

| | | 2018 | | 2012-2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | | €000 |
| Fáltais i dtaca le préimheanna a d'íoc fiontair bheaga agus mheánmhéide | | 524 | | 2,120 |
| Caiteachas scéime | | | | |
| Íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann – riarachán scéime | (398) | | (2,098) | |
| Éilimh a íocadh | (250) | | (745) | |
| **Costas iomlán na scéime** | | (648) | | (2,843) |
| Glanchostas na scéime | | (124) | | (723) |

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá aon mhéid iarbhír agus uainiú na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 26,253 | 26,095 | 23,411 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 647 | 863 | 646 |
| iii | Foghlaim agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,100 | 1,660 | 1,045 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 300 | 408 | 273 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 4,010 | 3,958 | 4,062 |
| vi | Costais ar áitreabh oifige | 980 | 745 | 630 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 1,100 | 1,108 | 1,079 |
| viii | Acmhainní fógraíochta agus faisnéise | 250 | 87 | 116 |
| | | **34,640** | **34,924** | **31,262** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Cionroinneadh caiteachas riaracháin ar fud na gclár ar mhaithe le costais iomlána chlár a chur i láthair. Leagtar amach sa phíosa seo a leanas na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus +/- €100,000).

*ii* *Taisteal agus cothabháil*

Soláthar mheastacháin: €647,000 toradh: €863,000

Tháinig an méadú €216,000 ar chaiteachas ar thaisteal agus cothabháil chun cinn mar thoradh ar chaiteachas breise taistil a tháinig as an ngá a bhí ann le freastal ar líon méadaithe cruinnithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal idirnáisiúnta i réimsí amhail an Breatimeacht agus an trádáil, i measc nithe eile.

*iii* *Foghlaim agus forbairt agus seirbhísí teagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €1.1 milliún, toradh: €1.66 milliún

Tháinig an barrachas €560,000 as roinnt tosca difriúla, lenar áiríodh dhá íocaíocht a rinneadh chun éilimh ó bheirt fhostaithe a ghlanadh ina n-iomláine tar éis dóibh cásanna a thionscnamh in aghaidh na Roinne. Ina theannta sin, reáchtáladh roinnt imeachtaí mar chuid den ghníomhaíocht mhéadaithe gnó ar fud aonad difriúil gnó, go háirithe maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht agus maidir leis an gclár oibre 'Poist sa Todhchaí', agus tabhaíodh costais ina leith. Toisc eile a bhí taobh thiar den mhéadú ar chostais oiliúna agus riaracháin ba ea an méadú ar an líon foirne ar fud na Roinne.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar mheastacháin: €300,000 toradh: €408,000

Bhí caiteachas barrachais €108,000 ann toisc go raibh an costas measta ar línte sonraí d'oifigí na Roinne níos airde ná a bhíothas ag súil leis.

*viii* *Acmhainní fógraíochta agus faisnéise*

Soláthar mheastacháin: €250,000 toradh: €87,000

Níor tarraingíodh an leithdháileadh anuas ina iomláine mar thoradh ar an éileamh ar imeachtaí fógraíochta agus poiblíochta. Bhí gannchaitheamh €60,000 ann ar chaiteachas ar fhógraíocht agus poiblíocht reachtúil agus bhí gannchaitheamh €103,000 ann ar thionscadail chur chun cinn mar thoradh ar an laghdú ar an éileamh a bhí orthu chun freastal ar riachtanais ghnó na rannóg.

## Clár A Forbairt Post agus Fiontar

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 9,192 | 9,268 | 8,184 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | 2,582 | 2,856 | 2,339 |
| A.3 | Pinsin oidhreachta ghníomhaireachta | | | 41,240 | 38,912 | 39,541 |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | | | 8,125 | 8,125 | 7,960 |
| A.5 | GFT Éireann | | | 180,780 | 161,780 | 175,731 |
| A.6 | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann – deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | | | 6,224 | 6,157 | 5,794 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 146,550 | | | |
| | | *Forlíontach* | (24,400) | | | |
| | | | | 122,150 | 111,220 | 115,114 |
| A.8 | Forbairt fiontar áitiúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 32,931 | | | |
| | | *Forlíontach* | 470 | | | |
| | | | | 33,401 | 33,416 | 32,655 |
| A.9 | Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 160 | | | |
| | | | | 660 | 648 | 871 |
| A.10 | Cistiú meaitseála do INTERREG | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,969) | | | |
| | | | | 1,031 | 1,031 | 1,426 |
| A.11 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | 1,840 | 1,840 | — |
| A.12 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | | 1 | — | — |
| A.13 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | 155 | 19 | 317 |
| A.14 | Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Forlíontach* | 15,000 | | | |
| | | | | 15,000 | 17,000 | — |
| — | *Ciste Iasachta an Bhreatimeachta* | | | — | — | 14,000 |
| | | | | **422,381** | **392,272** | **403,932** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €40.848 milliún níos ísle ná a soláthraíodh ar dtús. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

*A3* *Pinsin oidhreachta ghníomhaireachta*

Soláthar mheastacháin: €41.24 milliún, toradh: €38.912 milliún

Bhí an toradh €2.328 milliún níos lú ná a measadh ar roinnt cúiseanna, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- níor éiligh roinnt iarbhall foirne na sochair choinnithe a bhí dlite dóibh sa bhliain 2018
- bhí an líon éileamh a fuarthas ó Chomhairlí Contae níos ísle ná an líon ar buiséadaíodh dóibh le haghaidh iarphinsinéirí CEB

- b'ísle ná a bhíothas ag súil leis an líon éileamh a fuarthas ó chomhlachtaí earnála poiblí eile i leith seirbhísí a aistríodh faoin líonra aistrithe earnála poiblí
- b'ísle ná a bhíothas ag súil leis na sochair phinsin chéile a éilíodh.

*A5* *GFT Éireann*

Soláthar mheastacháin: €180.78 mhilliún, toradh: €161.78 mhilliún

Bhí an toradh €19 milliún níos lú ná an meastachán de bharr moilleanna ar mhaoine agus deontais a gealladh le conradh a sholáthar. Tugadh na ceangaltais sin anonn chuig an mbliain 2019 agus cisteofar go páirteach iad ón ngéilleadh iarchurtha airgead caipitil nár caitheadh i mbliana.

*A7* *Fiontraíocht Éireann*

Soláthar mheastacháin: €146.55 milliún, toradh: €111.22 mhilliún

Bhí an toradh €35.33 mhilliún níos ísle ná a soláthraíodh ar dtús mar thoradh ar ranníocaíocht bhreise a rinne Fiontraíocht Éireann lena clár caipitil féin, mar thoradh ar an luas ar airgead a tarraingíodh anuas óna Ciste Forbartha Fiontar Réigiúnach a bheith níos moille ná a bhíothas ag súil leis, mar thoradh ar mhoilleanna ar éilimh dheontais a fháil agus mar thoradh ar mhoilleanna ar airgead a tharraingt anuas óna Clár Caipitil Síl agus Fiontair. Thug Fiontraíocht Éireann ranníocaíocht bhreise lena clár caipitil mar thoradh ar an méadú gan choinne a tháinig ar a hioncam acmhainní dílse sa bhliain 2018.

*A9* *Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa*

Soláthar mheastacháin: €500,000 , toradh: €648,000

Tá an buiséad €500,000 le húsáid chun éilimh faoin Scéim agus costais oibreora don bhliain a chumhdach. Mar oibreoir na Scéime um Ráthaíocht Chreidmheasa, ceanglaítear ar Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann árachas a shealbhú. Tháinig an barrachas €148,000 go príomha as dhá éileamh mhóra a ghlan institiúidí airgeadais faoin Scéim le linn na bliana 2018.

*A.10* *Cistiú meaitseála do INTERREG*

Soláthar mheastacháin: €3 mhilliún, toradh: €1.031 mhilliún

Bíonn sé doiligh íocaíochtaí INTERREG a thuar go cruinn toisc gur clár ilbhliantúil (seacht mbliana) é agus toisc go n-oibríonn an clár agus Comhlacht na gClár Speisialta AE (an t-údarás bainistíochta don chlár) ag obair de réir blianta cuntasaíochta nach bhfuil ag teacht lena chéile. Tháinig deacrachtaí níos sonraí chun cinn de bharr moilleanna ar dhul chun cinn faoi na cláir reatha.

*A.13* *Costais dlí agus seirbhísí eile*

Soláthar mheastacháin: €155,000, toradh: €19,000

I gcomhréir le bainistíocht stuama vóta, is ceart cistiú teagmhasach éigin a chur ar leataobh i gcás go dtiocfadh aon chostais nach rabhthas ag súil leo chun cinn le linn na bliana. Mar a tharla, bhí an leibhéal iarbhír caiteachais theagmhasaigh i bhfad níos lú ná a measadh.

*A.14 Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí*

Soláthar mheastacháin: nialas, toradh: €17 milliún

Cuireadh an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí ar bun de bhun comhaontú cistiúcháin a rinneadh ag deireadh na bliana 2018 idir an Ciste Eorpach Infheistíochta agus an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, ag gníomhú di i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, leis an Roinn Airgeadais agus le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. Leis an gCiste, cuirfear iasachtaí ísealchostais lena ngabhann téarmaí idir 8 mbliana agus 10 mbliana ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun iad a chumasú infheistiú go straitéiseach i dtimpeallacht iar-Bhreatimeachta. Den chistiú iomlán €62 mhilliún a sholáthróidh an Státchiste don Scéim, meastar go dtiocfaidh €37 milliún ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus go dtiocfaidh €25 mhilliún ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Déanfar an cistiú sin a ghiaráil do chiste iasachta ar fiú suas le €300 milliún é. Déanfar amhlaidh trí shásraí ráthaíochta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta. B'ionann agus €17 milliún an ranníocaíocht tosaigh a rinne an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta leis an Scéim sa bhliain 2018.

## Clár B Nuálaíocht

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 6,828 | 6,933 | | 6,285 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,489 | 2,657 | | 2,455 |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | | 3,004 | 2,899 | | 2,847 |
| B.4 | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 308,631 | | | | |
| | *Forlíontach* | 8,740 | | | | |
| | | | 317,371 | 317,362 | | 316,387 |
| B.5 | An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI) | | | | | |
| | *Bunaidh* | 14,300 | | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | | |
| | | | 16,300 | 18,300 | | 26,400 |
| B.6 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | | | |
| | | | 20,685 | 20,543 | | 20,727 |
| B.7 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | | 1 | — | | — |
| B.8 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | 160 | 3 | | — |
| | | | **366,838** | **368,697** | | **375,101** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár B €12.599 milliún níos airde ná a soláthraíodh (ar dtús). Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

*B4.* *An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta*

Soláthar mheastacháin: €308.631 milliún, toradh: €317.362 milliún

Rinneadh an leithdháileadh bunaidh ar an bhfo-mhírcheann seo a mhéadú le meastachán forlíontach breise €8.74 milliún. Bhí an cistiú breise sin ag teastáil chun bonneagar taighde a cheannach a raibh géarghá leis do thionscadail.

*B.5* *An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI)*

Soláthar mheastacháin: €14.3 milliún, toradh: €18.3 milliún

Úsáideadh cistiú breise €4 mhilliún chun dliteanais faoi thimthriall 5 den Chlár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal a íoc.

*B.8* *Costais dlí agus seirbhísí eile*

Soláthar mheastacháin: €160,000, toradh: €3,000

I gcomhréir le bainistíocht stuama vóta, is ceart cistiú teagmhasach éigin a chur ar leataobh i gcás go dtiocfadh aon chostais nach rabhthas ag súil leo chun cinn le linn na bliana. Níor tabhaíodh ach méid an-bheag caiteachais sa bhliain 2018, áfach.

## Clár C Rialáil

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 10,233 | 9,894 | 8,941 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 3,316 | 3,316 | 3,058 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre | 18,104 | 17,554 | 17,372 |
| C.4 | Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleoireachta ceardchumann – airgead teoranta | 900 | 900 | 900 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | 19,275 | 19,075 | 18,372 |
| C.6 | Cónascthaí ceardchumann | 60 | — | 182 |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 5,057 | 3,702 | 3,014 |
| C.8 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 12,226 | 11,457 | 9,765 |
| C.9 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 112 | 42 | 151 |
| C.10 | Tacaíocht do thomhaltóirí | 47 | 44 | 45 |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | 7,875 | 7,130 | 7,106 |
| C.12 | Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 2,105 | 1,234 | 1,216 |
| C.13 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | 1,320 | 1,116 | 1,198 |
| C.14 | Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta | 256 | 79 | 111 |
| C.15 | Costais dlí agus seirbhísí eile | 856 | 458 | 368 |
| | | **81,742** | **76,001** | **71,799** |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár C €5.741 milliún níos ísle ná a soláthraíodh (ar dtús). Tharla sé sin de bharr na gcoigiltí beaga a baineadh amach ar fud roinnt fo-mhírcheann, mar atá leagtha amach thíos:

*C.3* *An Clár um Chaidreamh san Áit Oibre*

Soláthar mheastacháin: €18.104 milliún, toradh: €17.554 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €550,000 as roinnt tosca, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- bhí gannchaitheamh €240,000 ann i dtaca leis an gCúirt Oibreachais, rud a tháinig as roinnt folúntas a tháinig chun cinn le linn na bliana a líonadh go déanach
- nuair a bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre i mí Dheireadh Fómhair 2015, scoir an Binse Achomhairc Fostaíochta de ghlacadh le héilimh agus achomhairc nua. Chuir páirtí amháin nó an dá pháirtí na cásanna stairiúla lena mbaineann ar feitheamh de bharr imeachtaí sna Cúirteanna níos airde, rud a chuir srian ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta na cásanna a chur i gcrích. Ba as an méid sin a tháinig gannchaitheamh sa bhliain 2018.

C.7 *Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach*

Soláthar mheastacháin: €5.057 milliún, toradh: €3.702 milliún

Bhí gannchaitheamh €677,000 ann ar phá toisc go ndeachaigh roinnt ball foirne ar scor agus go raibh moilleanna ann ar na baill foirne a d'aistrigh amach as Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a ionadú. Ina theannta sin, maidir leis an leithdháileadh neamhphá don bhliain, bhí gannchaitheamh €678,000 ann i leith costais dlí a bhain le cásobair. Cé go raibh na costais a tháinig chun cinn le linn na bliana ina leith sin níos ísle ná a bhíothas ag súil leis, beidh roinnt díobh le híoc sa bhliain 2019.

C.8 *An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí*

Soláthar mheastacháin: €12.226 milliún, toradh: €11.457 milliún

Tháinig an gannchaitheamh €769,000 as roinnt tosca, lenar áiríodh gannchaitheamh ar phá, a bhí cothrom le thart ar €1.544 milliún. Tháinig an gannchaitheamh ar phá go príomha as an deacracht a bhí ann le folúntais a líonadh agus as roinnt ball foirne ar iasacht a bheith ag filleadh ar a máthairchomhlacht. Fritháiríodh an gannchaitheamh sin go méid áirithe mar thoradh ar an gcaiteachas barrachais ar chostais ghinearálta riaracháin neamhphá agus ar na costais a bhain le dhá mhórchás dlí a ghlanadh. B'ionann an caiteachas ina leith sin agus thart ar €1.275 milliún. Ina theannta sin, bhí gannchaitheamh €500,000 ann ar fheidhmeanna tobhaigh neamhphá an Choimisiúin. Is le tobhach ar sholáthraithe rialáilte seirbhíse ciste a mhaoinítear feidhm seirbhísí airgeadais an Choimisiúin. Mar thoradh ar an mbarrachas suntasach cistí tobhaigh a bailíodh sa bhliain 2017, níor tarraingíodh an tobhach anuas sa bhliain 2018, mar a cheadaítear leis an reachtaíocht ábhartha (an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010).

C.9 *An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta*

Soláthar mheastacháin: €112,000, toradh: €42,000

Aisíocann an Roinn leis an mBord aon íocaíochtaí pinsin a dhéanann sé agus aon íocaíochtaí cnapshuime pinsin a dhéanann sé le baill foirne ar scor. Tháinig an gannchaitheamh €70,000 as an moill ar an aisíocaíocht deiridh i leith na bliana a phróiseáil. Rinneadh an aisíocaíocht ina dhiaidh sin sa bhliain 2019.

C.11 *An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann*

Soláthar mheastacháin: €7.875 milliún, toradh: €7.13 milliún

Bhí an gannchaitheamh foriomlán €745,000 comhdhéanta de ghannchaitheamh €445,000 ar chostais phá agus de €300,000 ar chostais neamhphá.

Tháinig an gannchaitheamh ar phá as moilleanna ar fholúntais a d'eascair as baill foirne a chuaigh ar scor agus a athshannadh a líonadh.

Tháinig an gannchaitheamh ar chostais neamhphá as roinnt tosca, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- cur chun feidhme an chláir um úinéireacht thairbhiúil a chur siar go dtí an bhliain 2019, rud a d'fhág nár caitheadh buiséad €100,000 sa bhliain 2018
- gannchaitheamh €100,000 ar bhogearraí TF agus ar a gcothabháil
- gannchaitheamh €100,000 ar an Tionscadal Athnuachana sa bhliain 2018

C.12 *Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann*

Soláthar meastacháin: €2.105 milliún, toradh: €1.234 milliún

Bhí an meastachán bunaithe ar lánsoláthar foirne a bheith ag an Údarás chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Bhí moilleanna ann ar ghráid áirithe bhall foirne a earcú sa bhliain 2018, áfach. D'fhág sé sin go raibh coigilt €871,000 ann faoin bhfo-mhírcheann seo.

C.13 *Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, etc.*

Soláthar meastacháin: €1.32 milliún, toradh: €1.116 milliún

Is i bhfrancanna na hEilvéise a dhéantar an ranníocaíocht i leith ballraíocht den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, agus baineadh coigiltí amach mar gheall ar an ráta lag malairte idir é agus an euro.

*C.14* *Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta*

Soláthar mheastacháin: €256,000, toradh: €79,000

Tháinig an gannchaitheamh €177,000 chun cinn go príomha mar gheall orthu seo:

- gannchaitheamh €80,000 mar thoradh ar ghníomhaíocht laghdaithe i measc Comhchoistí Oibreachais, ar dá bhrí sin a laghdaíodh costais go suntasach trí ghannchaitheamh ar na costais a bhain le hobair na gComhchoistí
- gannchaitheamh €40,000 ar an nGrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta toisc gur i mí Iúil 2018 amháin a athbhunaíodh é. Dá bharr sin, bhí laghdú ann ar an líon cruinnithe iomlánacha agus fochoiste a tionóladh
- gannchaitheamh eile €57,000 trí choigiltí ilghnéitheacha a ghnóthaigh an Grúpa Rialála Gnó, an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin, an Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre (tionscadail taighde EAT) agus Fiosrúcháin um Dhlí na gCuideachtaí.

*C.15* *Costais dlí agus seirbhísí eile*

Soláthar mheastacháin: €856,000, toradh: €458,000
Is ionann an meastachán agus soláthar teagmhasach do chostais dlí a d'fhéadfadh teacht aníos i roinnt réimsí sa Roinn agus ina hOifigí. Tháinig an gannchaitheamh chun cinn mar thoradh ar chostais a bheith níos ísle ná a bhíothas ag súil leis i gcás obair Dlí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, Dhlí na gCuideachtaí, an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Tacaíocht Theicniúil Sláinte agus Sábháilteachta.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| 1 | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 300 | 379 | — |
| 2 | Táillí ceada fostaíochta | 10,000 | 10,761 | 7,670 |
| 3 | Ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta | 315 | 396 | 378 |
| 4 | Fógraí pionóis sheasta an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre | 30 | 16 | 7 |
| 5 | Costais dámhachtana cúirte an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre | 22 | 15 | 19 |
| **Árachas agus Dlí na gCuideachtaí** | | | | |
| 6 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 16,500 | 19,189 | 19,560 |
| 7 | Clárlann na gCara-Chumann | 50 | 43 | 57 |
| **Cearta Trádála, Iomaíochta agus Margaidh** | | | | |
| 8 | Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna 1963, agus faoi Acht na bPaitinní 1964 | 8,700 | 9,858 | 9,353 |
| 9 | Ceadúnais trádála ócáidí | 1 | — | — |
| 10 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 412 | 550 | 535 |
| 11 | Fógraí cumaisc | 400 | 752 | 576 |
| **Eile** | | | | |
| 12 | Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 50 | 8 | 9 |
| 13 | Ilghnéitheach | 200 | 998 | 713 |
| 14 | Beartas fiontar [a] | 3,810 | 3,568 | 3,189 |
| 15 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí [b] | 2,100 | 1,591 | 1,130 |
| 16 | Pá agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 1,650 | 1,189 | 1,207 |
| 17 | Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 720 | 176 | 481 |
| 18 | An Scéim Shealadach Ráthaíochta Iasachta | 500 | 524 | 584 |
| 19 | An Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí | 490 | 460 | 343 |
| 20 | Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 5,750 | 7,252 | 6,731 |
| | **Iomlán** | **52,000** | **57,725** | **52,542** |

**Nóta** [a] Léirítear sa bheartas fiontar na méideanna a fuarthas ó ghníomhaireachtaí fiontar reatha agus ó iarghníomhaireachtaí fiontar i dtaca le ranníocaíochtaí

pinsin foirne. Is iad Idir-Thrádáil Éireann, GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne a bhí ann roimhe seo na gníomhaireachtaí sin.

[b] Is é atá sna fáltais faoin líne seo ná forchúiteamh páirteach an chaiteachais faoi fho-mhírcheann C.8.

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €5.725 milliún níos mó ná an meastachán.

Tá míniúcháin ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

2 *Táillí ceada fostaíochta*

Soláthar mheastacháin: €10 milliún, toradh: €10.761 milliún

I gcomparáid leis na figiúirí don bhliain 2017, tháinig méadú de thart ar 18% ar an líon iomlán ceadanna a eisíodh agus tháinig méadú 27% ar an líon iarratas a fuarthas. Maidir leis an éileamh ón lucht tionscail ar fhreastal ar easnaimh scileanna i measc iarratasóirí ar cheadanna, leanann sé ag fás de réir mar a fhásann an tionscal.

6 *An Oifig um Chlárú Cuideachtaí*

Soláthar mheastacháin: €16.5 milliún, toradh: €19.189 milliún

Tháinig an difríocht idir ioncam iarbhír agus ioncam measta sa bhliain 2018 chun cinn ar roinnt cúiseanna. Ba iad na príomhchúiseanna a bhí taobh thiar den difríocht ná an líon cuideachtaí nua a corpraíodh, rud a bhí níos airde ná riamh, agus an comhlíonadh méadaithe i measc na gcuideachtaí a bhí ann cheana ar an gClár.

8 *Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna 1963, agus faoi Acht na bPaitinní 1964*

Soláthar mheastacháin: €8.7 milliún, toradh: €9.858 milliún

Tháinig an méadú €1.158 milliún chun cinn go príomha mar go raibh an t-ioncam táillí ó iarratais ar Phaitinní Eorpacha a athnuachan níos mó ná a bhíothas ag súil leis.

10 *An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)*

Soláthar mheastacháin: €412,000 toradh: €550,000

Tháinig an méadú €138,000 chun cinn mar thoradh ar an méadú beag ar ghníomhaíocht i roinnt réimsí, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- iarratais ar údarú idirghabhálaí creidmheasa
- aisghabhálacha costas cúirte
- gníomhaíocht faireacháin a rinne CCPC.

11 *Fógraí cumaisc*

Soláthar mheastacháin: €400,000 toradh: €752,000

Bíonn an t-ioncam sa réimse seo ag brath ar an líon fógraí cumaisc a thugtar do CCPC le linn na bliana. Ní féidir an líon cumasc a thiocfaidh chun cinn in aon bhliain ar leith a réamh-mheas. Bhí an ghníomhaíocht cumaisc sa bhliain 2018 níos mó ná a bhíothas ag coinne leis.

13 *Ilghnéitheach*

Soláthar mheastacháin: €200,000 toradh: €998,000

Tá sé doiligh fáltais ilghnéitheacha a mheas de bharr a gcineáil. Ba le Clár INTERREG a bhain toisc ar leith a bhí taobh thiar den mhéadú ar ioncam ilghnéitheach sa bhliain 2018. Fuair an Roinn €878,000 san iomlán chun caiteachas ar Chlár INTERREG a aisíoc. Roimhe seo, ba leis an Roinn Airgeadais a aisíocadh (ag ráta 85%) aon chaiteachas faoi Chlár INTERREG (Fo-mhírcheann A10) ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Chinn an Roinn Airgeadais gurb amhlaidh, ón mbliain 2018 amach, gur cheart aon aisíocaíochtaí faoi Chláir INTERREG a íoc go díreach le ranna rialtais.

14 *Beartas fiontar*

Soláthar mheastacháin: €3.81 milliún, toradh: €3.568 milliún

Tá ioncam an bheartais fiontar comhdhéanta de ranníocaíochtaí pinsin ó roinnt de na gníomhaireachtaí fiontar reatha agus na hiarghníomhaireachtaí fiontar de chuid na Roinne. Tháinig an t-easnamh €242,000 i bhfáltais sa bhliain 2018 chun cinn mar thoradh ar an líon ball foirne a d'fhág an Roinn nó a chuaigh ar scor a bheith níos airde ná a bhíothas ag coinne leis. Ceapadh baill foirne nua faoin Scéim Ranníocaíochta Pinsin Aonair, rud a íoctar go díreach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

15 *An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)*

Soláthar mheastacháin: €2.1 milliún, toradh: €1.591 milliún

Tháinig an t-easnamh €540,000 ar chostais neamhphá chun cinn toisc nár tarraingíodh an méid sin den mheastachán anuas. Tharla sé sin go príomha toisc gur tugadh barrachas suntasach cistí tobhaigh a bailíodh sa bhliain 2017 ar aghaidh. Leis an reachtaíocht lena bhforáiltear go bhféadfaidh CCPC tobhaigh a fhorchur (an tAcht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010), foráiltear d'aon easnamh nó aon bharrachas a thabhairt ar aghaidh ó bhliain amháin go dtí an chéad cheann eile. Tháinig an barrachas €31,000 ar chostais phá as an earcaíocht bhreise a rinneadh chun baill foirne an Bhainc Cheannais a d'fhill ar an mBanc a ionadú.

16 *Pá agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta*

Soláthar mheastacháin: €1.65 milliún, toradh: €1.189 milliún

Bhí roinnt tosca taobh thiar den easnamh €461,000. Ina measc bhí an fhíric gur áiríodh fáltais ón scéim pinsean aonair leis an meastachán. Mar a cheanglaítear, íocadh na fáltais sin go díreach leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

17 *Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta*

Soláthar mheastacháin: €720,000, toradh: €176,000

Tháinig an t-easnamh chun cinn toisc go raibh na ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinne an tÚdarás leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta sa bhliain 2018 níos ísle ná a bhíothas ag súil leis. Tharla sé sin toisc go ndeachaigh roinnt ball foirne ar scor ón Údarás le linn na bliana. Coinníodh na ranníocaíochtaí aoisliúntais chun cnapshuimeanna na n-iarbhall foirne sin a mhaoiniú, ar aon dul leis an gcomhaontú atá i bhfeidhm leis an Roinn.

20 *Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí*

Soláthar mheastacháin: €5.75 milliún, toradh: €7.252 milliún

Cé gurbh airde an meastachán seo ná an figiúr don bhliain 2017, tharla sé gur tháinig méadú suntasach ar an líon daoine atá fostaithe ag an Roinn agus ag a cuid gníomhaireachtaí araon agus, dá bharr sin, go raibh an toradh i bhfad níos airde ná a beartaíodh.

## 4.2 Fáltais bhreise a bhí iníoctha leis an Státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 190 | 1 |
| Oifigí Fiontair Áitiúil – reatha [a] | 89 | 187 |
| Oifigí Fiontair Áitiúil – caipiteal | 2 | 3 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann – reatha | — | 31 |
| GFT Éireann – reatha | — | 331 |
| Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann – forchúiteamh párolla barrachais [b] | 180 | 190 |
| Ilghnéitheach | 8 | 1 |
| Méid a aistríodh chuig an Státchiste | (469) | (554) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **—** | **190** |

Nóta

[a] Oifigí Fiontair Áitiúil – reatha Baineann sé seo le cistí neamhúsáidte pá agus neamhphá a tarraingíodh anuas faoi fho-mhírcheann A.8 sa bhliain 2017

[b] Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann – forchúiteamh párolla barrachais Baineann sé seo le forchúiteamh íocaíochtaí párolla Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag an Roinn a bhí níos mó ná dliteanas an Státchiste i leith an Údaráis sa bhliain 2017.

## 4.3 Tobhach fostaíochta agus oiliúna

Ba le héifeacht ón 6 Aibreán 1999 a cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, rud a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine (ach amháin i gcás eisceachtaí áirithe). Leanann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta le méideanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla an tobhaigh a fháil ó am go chéile. Is í Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim a bhailíonn an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna. Íoctar é ar aghaidh leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn míosúil ansin. Íoctar an t-airgead go díreach leis an Státchiste.

Ráiteas faoi íocaíochtaí a rinneadh de réir alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair 1987.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Méid a fuarthas ó na Coimisinéirí Ioncaim | — | 373,333 |
| Méid a íocadh isteach sa Státchiste | — | 373,333 |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon Fostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| An Roinn agus a hOifigí: | | |
| Roinn | 499 | 476 |
| Oifig na bPaitinní | 43 | 42 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 175 | 165 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 39 | 34 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 106 | 110 |
| | 862 | 827 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,543 | 1,461 |
| | **2,405** | **2,288** |

Nóta [a] Cuimsíonn sé seo fostaithe an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta, atá ina ghníomhaireacht neamhthráchtála stáit nach bhfaigheann cistiú go díreach ón Státchiste.

## 5.2 Pá - Roinn, Oifigí agus Gníomhaireachtaí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 157,074 | 146,293 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 867 | 1,395 |
| Liúntais eile | 2,535 | 445 |
| Ragobair | 436 | 446 |
| ÁSPC an Fhostóra | 9,196 | 9,617 |
| **Pá iomlán** | **170,108** | **158,196** |

Nóta Is don ghné pá d'Fho-mhírchinn A.1, A.4, A.5, A.6, A.7, A.8, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.11 agus C.12 a thagraíonn na socruithe luach saothair.

## 5.3 An Roinn

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá [a,b] | 43,514 | 40,593 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 705 | 632 |
| Liúntais eile | 905 | 445 |
| Ragobair | 282 | 285 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,915 | 2,580 |
| **Pá iomlán [c]** | **48,321** | **44,535** |

**Nóta**

[a] Áirítear leis an bhfigiúr seo íocaíochtaí pinsin le 25 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais, den Údarás Iomaíochta agus den Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).

[b] Ní áirítear leis an bhfigiúr seo táillí a íocadh le sealbhóirí oifige nach fostaithe den Roinn iad, e.g. breithneoirí.

[c] Áirítear le pá iomlán pá riaracháin (Fo-mhírchinn A.1, B.1 agus C.1) agus gnéithe pá Oifigí na Roinne (Fo-mhírchinn B.3, C.3, C.7 agus C.11). Is d'fho-mhírchinn riaracháin amháin a thagraíonn an méid atá curtha ar áireamh i bpá i Nóta 1.

## 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Baill foirne Roinne

| | An líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 107 | 16 | 44,088 | 43,788 |
| Liúntais eile | 76 | 13 | 95,675 | 151,679 |
| Ragobair | 119 | 7 | 12,119 | 15,272 |
| Daoine a fuair luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 26 | 13 | 45,225 | 21,805 |

## 5.5 Gníomhaireachtaí

Is iad seo a leanas na gníomhaireachtaí atá curtha ar áireamh anseo: an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann, Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá na ngníomhaireachtaí. Dá bhrí sin, ní choinníonn an Roinn faisnéis mhionsonraithe pá agus liúntais i leith bhaill foirne na ngníomhaireachtaí. Tá faisnéis mhionsonraithe faoin líon fostaithe agus faoi phá i dtaca le gníomhaireachtaí na Roinne ar fáil sna ráitis airgeadais ábhartha/sna tuarascálacha bliantúla ábhartha. Is féidir an fhaisnéis sin a fháil go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann freisin.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 113,560 | 105,700 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 162 | 763 |
| Liúntais eile | 1,630 | — |
| Ragobair | 154 | 161 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,281 | 7,037 |
| **Pá iomlán** | **121,787** | **113,661** |

## 5.6 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre - Baill foirne Gníomhaireachta

| | An líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 43 | 4 | 34,977 | 29,031 |
| Liúntais eile | 261 | 12 | 33,662 | 58,997 |
| Ragobair | 63 | 4 | 24,862 | 26,027 |
| Daoine a fuair luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 8 | 2 | 25,393 | 28,928 |

## 5.7 Socruithe eile luach saothair

Cuirtear carr cuideachta ar fáil do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann.

Íocadh €27,060 san iomlán le státseirbhíseach ar scor amháin sa bhliain 2018, a athfhostaíodh chun seirbhísí dlí a sholáthar sa bhliain 2018. Bhí nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le baill foirne ar scor de réir alt 53 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte a chuireann na seirbhísí párolla agus acmhainní daonna ar fáil. Bunaithe ar thuarascálacha ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, measadh gurbh ionann na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €256,243 (80 cás) (2017: €162,722, 62 chás). Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm maidir le 23 chás. Tá socruithe á ndéanamh chun pleananna aisíocaíochta a thosú le haghaidh na gcásanna eile.

Aistríodh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí dar luach €1,914 chuig an Roinn le linn na bliana 2018. Bhain siad le beirt bhall foirne.

## 5.9 Scaoilíocaíocht/Iomarcaíocht

Le linn na bliana 2018, fuair beirt bhall foirne scaoilíocaíochtaí de bharr athruithe a dhéanamh ar na hAirí a sannadh don Roinn. B'ionann na scaoilíocaíochtaí sin agus €18,271.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Cistiú ón Aontas Eorpach

Mar aon le deontais ón Vóta, fuair Oifig na bPaitinní agus na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh go díreach ón Aontas Eorpach sa bhliain 2018, mar atá léirithe thíos:

| Fo-mhírcheann | Cur Síos | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€** | **€** |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | 243,557 | 154,678 |
| B.4 | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 328,008 | 763,506 |
| B.4 | Fiontraíocht Éireann | 909,290 | 824,849 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 6,916 | — |
| | | **1,487,771** | **1,743,033** |

Nóta Áirítear íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chómhaoinítear ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa leis an toradh a léirítear i bhfo-mhírchinn A.8, B.4 agus B.5 faoi Nóta 3.

## 6.2 Coimisiúin, coistí agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an bhunaithe | 2018 Toradh | 2017 Toradh |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| **Buan/Neamhiata** | | | |
| Comhchoistí Oibreachais | 1946 | 7,169 | 11,913 |
| An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta | 2000 | 59,447 | 80,990 |
| An Tionscnamh um Thodhchaí na hOibre | 2017 | 1,260 | 17,339 |
| An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Díolacháin | 2009 | 72 | 356 |
| An Coiste Iniúchóireachta Rannach | 2004 | 5,400 | — |
| An Grúpa Rialála Gnó | 2006 | 11,287 | — |
| | | **84,635** | **110,598** |

## 6.3 Cúiteamh agus costais dlí

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | An líon cásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag fostaithe in aghaidh:** | | | | | | |
| Roinn | 2 | 1 | 57 | 141 | 199 | 8 |
| **Éilimh ó bhaill den phobal in aghaidh:** | | | | | | |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | — | — | — | — | — | 156 |
| Cearta fostaíochta | — | — | — | — | — | 3 |
| An Binse Achomhairc Fostaíochta | — | — | — | — | — | 19 |
| An Chúirt Oibreachais | 1 | — | 308 | — | 308 | 155 |
| Ceadanna fostaíochta | 2 | — | 107 | — | 107 | 12 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 1 | — | 58 | — | 58 | — |
| | **6** | **1** | **530** | **141** | **672** | **353** |

## 6.4 Pionóis íocaíochta déanaí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ús agus cúiteamh | 2,693 | 12,209 |

## Aguisín A Cuntas na gcomhlachtaí agus na gcistí faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí agus cén uair a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta is déanaí | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn iad | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad |
|---|---|---|---|---|
| GFT Éireann | 2017 | 25 Beal. 2018 | 28 Beal. 2018 | 18 Meith. 2018 |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | 2017 | 20 Meith. 2018 | 21 Meith. 2018 | 27 Meith. 2018 |
| Fiontraíocht Éireann | 2017 | 26 Meith. 2018 | 29 Meith. 2018 | 5 Iúil 2018 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 2017 | 25 Beal. 2018 | 21 Meith. 2018 | 18 Iúil 2019 |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | 2017 | 19 Noll. 2018 | 11 Ean. 2019 | 22 Ean. 2019 |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 2017 | 17 Noll. 2018 | 23 Ean. 2019 | 28 Ean. 2019 |
| An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 2017 | 11 Meith. 2018 | 27 Meith. 2018 | 3 Iúil 2018 |
| Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 2017 | 15 Meith. 2018 | 27 Lún. 2018 | 31 Lún. 2018 |